Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9184/25**

**AGRI 205**
**AGRIORG 62**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin agus an athraithe ar bheartas taraife na Stát Aontaithe<br>– *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26 Bealtaine 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

Tá comharthaí dearfacha téarnaimh le feiceáil i margaí talmhaíochta an Aontais i dtreo staid chobhsaí. Ar an iomlán, tá leibhéil na bpraghsanna i gcomhréir leis na meáin stairiúla, tá laghdú ag teacht ar phraghsanna ionchuir cé go bhfuil siad fós os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID, agus tá laghdú tagtha ar bhoilsciú bia cé go bhfuil na praghsanna fós ard.

Pléifear ag an díospóireacht seo na dúshláin éagsúla – agus na leibhéil éagsúla – a bhaineann leis na hearnálacha seo. Is gnéithe lárnacha sa díospóireacht sin iad dálaí drochaimsire, mar atá triomach, sioc talún nó tuilte, ráigeanna níos minice de ghalair ainmhithe agus plandaí agus teannas i gcaidreamh trádála an Aontais, lena n-áirítear athruithe ar tharaifí na Stát Aontaithe.

I mí na Nollag seo caite, mar fhreagairt ar na deacrachtaí agus na dúshláin atá roimh fheirmeoirí an Aontais le blianta beaga anuas, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh chun leasú a dhéanamh ar chuid de na rialacha maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a threisiú. An 19 Bealtaine 2025, d'fhormheas ionadaithe na mBallstát sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht an seasamh ón gComhairle maidir leis an togra seo le haghaidh leasú spriocdhírithe ar an rialachán maidir le comheagrú na margaí talmhaíochta. Meastar go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair, a luaithe a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh.

Ar deireadh, baineann na dúshláin in earnáil an fhíona le fadhbanna struchtúracha chomh maith le teagmhais nádúrtha a mbíonn tionchar éagsúil acu ar réigiúin éagsúla uaireanta. I mí na Nollag seo caite, d'eisigh an Grúpa Ardleibhéil um an mBeartas Fíona tacar moltaí darb aidhm oiriúnacht earnáil fíona an Aontais a áirithiú. Chuir an Coimisiún togra i láthair ag deireadh mhí an Mhárta seo caite chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha earnáil an fhíona go luath. Tá an togra á scrúdú faoi láthair ar leibhéal na Comhairle.